



An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14398/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0378(COD)**

**AGRILEG 244
AGRI 632
PHYTOSAN 105
CODEC 1931**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 661 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir shuirbhéireachta ilbhliantúla, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairithe agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí ardriosca, táirgí plandaí agus réada eile, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fíteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 661 final.

Faoi iamh: COM(2023) 661 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2023
COM(2023) 661 final

2023/0378 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir shuirbhéireachta ilbhliantúla, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairithe agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí ardriosca, táirgí plandaí agus réada eile, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fiteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Bunaíodh reachtaíocht maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí nó táirgí plandaí ar leibhéal an Aontais ó na 1970idí i leith. Bhí tábhacht mhór ag baint leis an reachtaíocht sin chun an talmhaíocht, an tírdhreach agus an comhshaol san Aontas a chosaint. Rinneadh an chéad mheastóireacht agus an chéad athbhreithniú ar bheartas fiteashláintíochta an Aontais idir 2008 agus 2016 agus mar thoradh air sin glacadh Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ ('an Rialachán'), lenar aisghaireadh Treoir 2000/29/CE ón gComhairle² agus a cuireadh ina hionad. Is é an Rialachán an creat bunúsach dlíthiúil do bheartas an Aontais maidir le sláinte plandaí faoi láthair.

Forordaítear le hAirteagal 50 agus le hAirteagal 79(6) den Rialachán go ndéanfaidh an Coimisiún, faoi dheireadh 2021, tuarascálacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le forfheidhmiú agus éifeachtacht na mbeart allmhairiúcháin, agus maidir leis an taithí a fuair oibreoirí ón bpas plandaí a shíneadh chuig gach planda le haghaidh plandú ('na tuarascálacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 agus Airteagal 79(6)').

Thíolaic an Coimisiún na tuarascálacha sin an 10 Nollaig 2021.

Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil maidir le bearta allmhairiúcháin go bhféadfaí a mheas gur rannchuidigh na bearta allmhairiúcháin sin, chomh maith leis na rialuithe sláinte plandaí a áireamh faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ leis na cuspóirí a bhaint amach chun cosaint fiteashláintíochta an Aontais a fheabhsú agus chun gníomhaíocht réamhghníomhach i gcoinne lotnaidí a mhéadú i gcomhréir le rialacha an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC) trí chur chuige rioscabhunaithe agus trédhearcach.

¹ Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 228/2013, (AE) Uimh 652/2014 agus (AE) Uimh 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

² Treoir ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.07.2000, lch. 1).

³ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ó gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

Sa tuarascáil ar an gcóras pas plandaí a leathnú chuig gach planda le haghaidh plandú, thángthas ar an gconclúid gur chuidigh an síneadh sin le cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. Go sonrach, chuir sé le héifeachtacht mhéadaithe na cosanta i gcoinne lotnaidí coraintín, le hullmhacht fheabhsaithe chun lotnaidí plandaí nua is ábhar imní don Aontas a shainaithint, le tuiscint agus feasacht fheabhsaithe ó pháirtithe leasmhara ábhartha maidir leis an tábhacht a bhaineann le sláinte plandaí, agus le féidearthacht mhéadaithe lotnaidí a shainaithint.

Sainaithníodh sna tuarascálacha réimsí ina bhféadfaí tuilleadh plé a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chur chun feidhme praiticiúil na rialacha maidir le sláinte plandaí agus rialuithe oifigiúla freisin. Rinneadh an plé sin in 2022 le Príomhoifigigh Sláinte Plandaí na mBallstát, chomh maith le comhlachais de chuid an Aontais atá ábhartha do shláinte plandaí. Mar thoradh orthu thángthas ar an gconclúid go raibh gá le feabhsuithe áirithe ar an gcóras, rud nárbh fhéidir a dhéanamh ach tríd an Rialachán a leasú. Tagraíonn na feabhsuithe sin don ghá atá le (i) dearbhuithe ar an deimhniú fiteashláintíochta le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte (RNQPanna), (ii) neamhchomhlíonadh rialacha RNQP a thuairisciú sa chóras leictreonach um fhógra a thabhairt (an Córas Bainistíochta Faisnéise le haghaidh Rialuithe Oifigiúla — IMSOC), (iii) rialacha nós imeachta chun iarrataí tíortha nach bhfuil san Aontas ar mhaoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairiúcháin a chur isteach agus a scrúdú, (iv) nósanna imeachta maidir le plandaí ardriosca a shainaithint agus a liostú agus (v) an oibleagáid pas plandaí a cheangal le plandaí áirithe a chuíchóiriú.

Sainaithníodh feabhsuithe breise trí eilimintí a tháinig as an taithí a fuair an Coimisiún le linn na chéad 5 bliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin, maidir le (i) bearta i gcoinne lotnaidí a cháilíonn mar lotnaidí coraintín ach nár measúnaíodh ina n-iomláine fós, (ii) an gá atá le gníomhartha uathrialacha chun maoluithe sealadacha a ghlacadh ó thoirmisc allmhairithe, agus ceanglais speisialta allmhairithe, (iii) an gá atá le ceanglais shealadacha allmhairiúcháin a leagan síos chun palintí, táirgí plandaí nó réada eile a thabhairt isteach san Aontas ar baineadh iad den liosta de phlandaí ardriosca ach nár measaíodh an riosca fiteashláintíochta ina n-iomláine ina leith, (iv) ceanglais maidir le coibhéis tríú tíortha a leagan amach, agus (v) na fianuithe oifigiúla malartacha.

Ar deireadh, aithníodh gnéithe áirithe tuairiscithe mar ghnéithe a thagann faoi raon feidhme ghealltanais an Choimisiúin oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát agus na n-oibreoirí gairmiúla a chuíchóiriú ar bhonn na Teachtaireachta uaidh maidir le ‘Iomaíochas fadtéarmach an AE: níos faide ar aghaidh ná 2030’⁴.

Cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe

Maidir le réasúnú na n-oibleagáidí tuairiscithe, tá tionscnamh cothrománach glactha ag an gCoimisiún. Ina Theachtairacht maidir le ‘Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’, chuir sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá córas rialála lena n-áirithítear go mbainfear amach cuspóirí ar an gcostas is ísle. Dá bhrí sin, tá sé tiomanta iarracht nua a dhéanamh na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é mar aidhm dheiridh aige ualaí den sórt sin a laghdú 25 %, gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais gaolmhara.

⁴

Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ‘Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’, COM(2023)168.

Déantar achoimre ar a chuspóirí foriomlána mar seo a leanas:

- (a) deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht a fheabhsú d'údaráis inniúla agus d'oibreoirí gairmiúla, san Aontas agus i dtríú tíortha araon;
- (b) trédhearcacht, solúbthacht agus comhsheasmhacht nósanna imeachta rialála an Aontais a mhéadú;
- (c) rannchuidiú tríd an digitiú, le cuíchóiriú na n-oibleagáidí tuairiscithe agus na gcúraimí riaracháin a bhaineann leo.

Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le forfheidhmiú ceart agus faireachán cuí ar reachtaíocht a áirithiú. Ar an iomlán, déantar a gcostais a fhritháireamh leis an tairbhe a bhaineann leo, go háirithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh príomhbheart beartais agus comhlíonadh na bpríomhbheart sin a áirithiú. Le ceanglais tuairiscithe, áfach, is féidir go bhforchuirtear ualaí díréireacha ar pháirtithe leasmhara, go háirithe ualaí a dhéanann difear do FBManna agus do mhicreachuideachtaí. D'fhéadfadh oibleagáidí atá iomarcach, dúbláilte, nó imithe i léig, minicíocht agus uainiú neamhéifeachtúil, nó modhanna bailithe neamhleora a bheith mar thoradh ar charnach na gceanglas sin le himeacht ama.

Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an togra oibleagáidí tuairiscithe a réasúnú trí mheascán beart:

- deireadh a chur le tuarascálacha nach bhfuil gá leo a thuilleadh;
- tarchur faisnéise a dhigitiú;
- laghdú ar mhinicíocht na gceanglas tuairiscithe

Baineann na ceanglais tuairiscithe le húdaráis phoiblí agus, i gcásanna áirithe, go hindíreach, le hoibreoirí gairmiúla. De réir na leasuithe atá beartaithe, cuirtear deireadh le hoibleagáidí tuairiscithe áirithe, agus déantar cinn eile a dhigitiú nó a iarraidh le minicíocht laghdaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais cheana**

Tugtar isteach leis an togra leasuithe a bhaineann le cur chun feidhme na bhforálacha lena mbunaítear beartas an Aontais maidir le sláinte plandaí. Ní athraíonn siad beartas sláinte plandaí an Aontais féin. Dá bhrí sin, tá na leasuithe atá beartaithe an-chomhsheasmhach le beartas sláinte plandaí an Aontais atá ann cheana, agus tá siad dírithe ar rannchuidiú le feabhas a chur ar a chur i bhfeidhm.

Tá na tograí maidir le hoibleagáidí tuairiscithe mar chuid den chéad phacáiste tionscnaimh ón gCoimisiún chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú. Is céim é seo i bpróiseas leanúnach ina mbreathnaítear go cuimsitheach ar na ceanglais tuairiscithe atá ann cheana, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a n-ábharthacht leanúnach agus iad a dhéanamh níos éifeachtúla.

Ní dhéanfaidh an togra difear dearfach ach do bhaint amach cuspóirí sa réimse beartais, ós rud é go méadóidh sé trédhearcacht agus go laghdóidh sé an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla, ar na hoibreoirí gairmiúla agus ar an gCoimisiún.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirithítear comhsheasmhacht an Rialacháin le beartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le talmhaíocht, agus leis an gcomhshaol, amhail an bhithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide, leis na forálacha atá ann cheana agus lena gcur chun feidhme. Ós

rud é nach n-athraíonn na leasuithe teicniúla atá beartaithe treo beartais an Rialacháin, níl aon athrú ar an gcomhsheasmhacht leis na beartais sin.

Áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach dá fheidhm agus go bhfuil sí dírithe ar riachtanais na ngeallsealbhóirí. Íoslaghdaíonn sé an t-ualach riaracháin, agus ag an am céanna baintear amach a chuspóirí faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT). Na leasuithe atá beartaithe maidir le cuíchóiriú na n-oibleagáidí tuairiscithe, trí chastacht na n-ualaí tuairiscithe a eascraíonn as creat dlíthiúil an Aontais a laghdú.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH**

- **Bunús dlí**

Leasaítear leis an togra cur chun feidhme teicniúil na rialacha is gá chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a bhaint amach, in earnáil an táirgthe agus na margaíochta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile san Aontas.

I ndáil leis sin, roghnaíodh Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena soláthraítear an bunús dlí chun na forálacha is gá a ghlacadh chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a shaothrú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir Airteagal 4(2)(d) de CFAE, tá feidhm ag inniúlacht chomhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit sa réimse talmhaíochta agus iascaigh, gan caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a áireamh.

Ó glacadh Treoir 2000/29/CE agus faoin Rialachán freisin, rialaítear gach réimse de shláinte plandaí ar leibhéal an Aontais den chuid is mó. Tá sé cruthaithe go gcuireann na rialacha sin go mór le cosaint chríoch an Aontais ar lotnaidí agus ar ghalair. Ar an gcaoi chéanna, is fearr is féidir cuspóirí na leasuithe atá beartaithe a bhaint amach trí rialáil eisiach a dhéanamh ar na saincheisteanna lena mbaineann ar leibhéal an Aontais.

Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe, tá na ceanglais lena mbaineann bunaithe cheana féin le dlí an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart iad a chuíchóiriú ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá na bearta atá beartaithe teoranta do ghníomhaíochtaí is gá a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun go mbeidh siad éifeachtach agus éifeachtúil. Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí sin a bhaint amach, meastar gurb é an leasú is iomchuí ar an Rialachán, ós rud é gur príomhghné den togra é cur chun feidhme beart comhchuibhithe do na Ballstáit a threisiú. Is iad na ceanglais aonfhoirmeacha tríd an Rialachán an t-aon bhealach amháin chun ardleibhéal cáilíochta a áirithiú dóibh siúd a chuireann an Rialachán i bhfeidhm, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus cothrom iomaíochta do na hoibreoirí chomh maith le táirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta agus bia.

Le cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe, simplítear an creat dlíthiúil trí athruithe íosta a thabhairt isteach ar na ceanglais atá ann cheana nach ndéanann difear do shubstaint an chuspóra beartais níos leithne. Dá bhrí sin, tá an togra teoranta do na hathruithe sin is gá chun tuairisciú éifeachtúil a áirithiú gan aon cheann de ghnéithe substaintiúla na reachtaíochta lena mbaineann a athrú.

- **An rogha ionstraime**

Is i bhfoirm Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá an togra. Ní bheadh modhanna eile iomchuí toisc go leasaítear leis an togra forálacha bunúsacha Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nach bhfuil an chumhacht ag an gCoimisiún iad a bhaint amach trí ghníomhartha cur chun feidhme.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Thacaigh comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara leis na tuarascálacha a tíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 agus le hAirteagal 79(6) den Rialachán, comhairliúchán lenar áiríodh, i gcás inar gá, na sonraí a bhí ar fáil maidir le hallmhairí a bhailiú.

Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe, níl meastóireacht ex post ná seiceáil oiriúnachta infheidhme.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chun na tuarascálacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 agus le hAirteagal 79 den Rialachán a ullmhú, rinneadh comhairliúchán forleathan inar tugadh aghaidh ar na geallsealbhóirí ábhartha uile. Ag an gcéad chéim, tugadh cuireadh don Sainghrúpa um Shláinte Plandaí, ina bhfuil údaráis inniúla na mBallstát do shláinte plandaí, agus do dheimhniú ábhair iomadaithe plandaí agus foraoise, do Pharlaimint na hEorpa, agus do na comhlachais ghairmiúla ábhartha ar leibhéal an Aontais, páirt a ghlacadh sa phróiseas chun ceistneoirí oiriúnach don fheidhm a fhorbairt. Forbraíodh 5 cheistneoir mhionsonraithe san iomlán maidir le nósanna imeachta allmhairiúcháin, toirmisc ar allmhairí, deimhnithe fiteashláintíochta d'allmhairí, rialuithe oifigiúla, agus pasanna plandaí, a chuimsíonn 234 cheist agus a chlúdaíonn na príomhathruithe a tugadh isteach leis an Rialachán.

Iarradh ar údaráis inniúla an Aontais agus ar na comhlachais ghairmiúla ar leibhéal an Aontais páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin trí chuireadh tiomnaithe, agus chuir na húdaráis inniúla agus na comhlachais ghairmiúla sin ar leibhéal an Aontais na comhlachais náisiúnta agus na hoibreoirí aonair de chuid an Aontais ar an eolas faoin bhféidearthacht páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán trí nasc rochtana oscailte. Mar gheall ar chineál an-teicniúil na n-athruithe, is beag ceist a cuireadh ar an bpobal agus a chuaigh i dteagmháil leis na meáin shóisialta.

Fuarthas 563 fhreagra san iomlán, agus cuireadh anailís mhionsonraithe orthu sin i láthair sna 5 thuarascáil theicniúla⁵ a chuir AS SANTE an Choimisiúin agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) le chéile.

Maidir le forálacha a bhaineann le hallmhairiú, bhí tuairimí dearfacha ag na Ballstáit maidir le forálacha agus tograí a thug soiléireacht maidir le rialuithe sláinte plandaí agus cosaint bhreise an Aontais i gcoinne lotnaidí. Mheas comhlachais ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát gur chruthaigh forálacha áirithe, amhail toirmisc shealadacha ar phlandaí ardriosca, deacrachtaí i dtrádáil atá bunaithe cheana

⁵ [Tuarascálacha-2021 \(europa.eu\)](#)

féin, agus dá bhrí sin d'iarr siad níos mó soiléireacht dhlíthiúil agus trédhearcachta. D'iarr na comhlachais tuilleadh soiléireachta dlíthiúla agus trédhearcachta le haghaidh nósanna imeachta eile a d'fhéadfadh cur go dearfach le trádáil, amhail na maoluithe ar thoirmisc bhuana. Tá aghaidh á tabhairt ar an méid sin leis an togra reatha. Maidir le pasanna plandaí, mheas páirtithe leasmhara gur ualach breise riaracháin agus costais ghaolmhara is mó ná na tairbhí breise a mheastar a bheith ag baint leo dá ndéanfaí iad a cheangal le gach aonad trádála. Tugtar aghaidh air sin sa togra seo freisin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chomh maith leis na leasuithe atá beartaithe a eascraíonn as na tuarascálacha a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 50 agus le hAirteagal 79(6) den Rialachán, áirítear sa togra leasuithe a eascraíonn as an taithí a fuair an Coimisiún le linn na chéad 5 bliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin. Cé nach ndearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara maidir leis na tograí sin, tagraíonn na leasuithe sonracha atá beartaithe do nósanna imeachta a measadh a bheith ina bhfadhb agus iad á gcur chun feidhme agus tá sé mar aidhm leo soiléireacht dhlíthiúil agus deimhneacht a sholáthar do na húdaráis inniúla, do na hoibreoirí agus do na tríú tíortha.

Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe, sainaitníodh na tograí sin tar éis próiseas grinnscrúdaithe inmheánaigh ar oibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana agus bunaithe ar an taithí a fuarthas ón reachtaíocht ghaolmhar a chur i bhfeidhm. Ós rud é gur céim é sin i bpróiseas an mheasúnaithe leanúnaigh ar cheanglais tuairiscithe a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais, leanfar den ghrinnscrúdú ar ualaí den sórt sin agus ar a dtionchar ar pháirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

De réir na hanailise a rinne an Coimisiún, ní hionann na leasuithe atá beartaithe agus tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, gan measúnú tionchair a dhéanamh ar na leasuithe teicniúla spriocdhírthe a áirítear sa togra.

Is toradh é an togra, i bpáirt, ar na tuarascálacha a chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagail 50 agus 79 de Rialachán 2016/2031. Tá sé bunaithe freisin ar an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031. Chun an tuarascáil a ullmhú, rinneadh comhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir. Tar éis na tuarascálacha sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 10 Nollaig 2021, sainaitníodh réimsí ar ghá tuilleadh plé a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, rinneadh plé in 2022 leis na Príomhoifigigh Sláinte Plandaí agus comhlachais de chuid an Aontais atá ábhartha maidir le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí agus foraoise, as ar thángthas ar an gconclúid go raibh gá le feabhsuithe áirithe agus nárbh fhéidir iad a dhéanamh ach amháin tríd an Rialachán a leasú. Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe, baineann na leasuithe atá beartaithe le hathruithe teoranta agus spriocdhírthe ar an reachtaíocht d'fhonn na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú. Tá siad bunaithe ar thaithí ar chur chun feidhme na reachtaíochta faoi seach. Ní bhíonn tionchair shuntasacha ag na leasuithe sin ar an mbeartas, ach ní áirithíonn siad ach cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Mar gheall ar chineál spriocdhírthe na n-athruithe agus an easpa roghanna beartais ábhartha, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

Ar an iomlán, táthar ag súil go mbeidh aon tionchar a bheadh ag na leasuithe atá beartaithe fíorbheag agus dearfach do na húdaráis inniúla agus do na hoibreoirí gairmiúla araon. Laghdóidh siad an t-ualach riaracháin, méadóidh siad an tsoiléireacht dhlíthiúil agus éascóidh siad trádáil na dtráchtearraí faoi seach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tugtar isteach leis an togra forálacha spriocdhírthe lena bhfeabhsaítear córas atá ag feidhmiú cheana trí chóras rialála níos simplí, níos soiléire agus níos éadroime d'oibreoirí agus d'údarais inniúla an Aontais agus trí thrédhearcacht mhéadaithe do thríú tíortha.

Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe, tá sé d'aidhm ag an togra seo reachtaíocht a shimpliú agus ualaí a laghdú do pháirtithe leasmhara, go háirithe údarais riaracháin. Is é is aidhm dó costais chomhlíonta a íoslaghdú tríd an ualach riaracháin agus ualach oibre na n-údarás náisiúnta a laghdú trí oibleagáidí tuairiscithe áirithe a bhaint. Maidir le deireadh a chur leis an oibleagáid tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar shuíomhanna na limistéar críochaithe, is féidir an fhaisnéis sin a aisghabháil ó chóras faisnéise an Choimisiúin (EUROPHYT) maidir le ráigeanna a thuairisciú.

Tá sé d'aidhm ag an togra freisin an oibleagáid tuairiscithe maidir leis na cláir ilbhliantúla suirbhéireachta a réasúnú trí shíneadh a chur leis an minicíocht reatha a bhaineann leis na suirbhéanna sin a dhéanamh ó 5-7 mbliana go 10 mbliana. Tabharfaidh sé sin am breise do na húdaráis náisiúnta na suirbhéanna faoi seach a dhéanamh. Ar deireadh, is é is aidhm don togra oibleagáidí tuairiscithe áirithe a dhigitiú, agus na córais faisnéise a forbraíodh agus is infheidhme faoi láthair chun críocha Rialachán (AE) 2017/625 á gcur san áireamh chomh maith le córas TF le haghaidh suirbhéanna ar shláinte plandaí. Dhéanfaidh digitiú den sórt sin cur i bhfeidhm na bhforálacha tuairiscithe faoi seach níos oiriúnaí don timpeallacht dhigiteach.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon éifeacht ag na leasuithe atá beartaithe ar na ceartha bunúsacha a chosnaítear leis an gCaibidil de Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

5. **EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar na socruithe tuairiscithe a chuíchóiriú. Ní thugtar isteach aon leasú maidir le pleananna cur chun feidhme agus oibleagáidí faireacháin. Deonófar idirthréimhse 6 mhí do na tríú tíortha maidir leis an oibleagáid na bearta a chuir siad i bhfeidhm maidir le rialacha RNQPanna a léiriú ar dhearbhu breise an deimhnithe fiteashláintíochta.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh Treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

- (i) ***Soiléiriú maidir leis na bearta i gcoinne lotnaidí atá cáilithe go sealadach mar lotnaidí coraintín ach nach ndearnadh measúnú iomlán orthu go fóill.***

Le hAirteagal 30 den Rialachán tugtar de chumhacht don Choimisiún bearta sealadacha a ghlacadh, trí ghníomhartha cur chun feidhme, maidir leis an riosca a bhaineann le lotnaidí nach bhfuil measúnaithe go hiomlán fós agus nach bhfuil rialáilte go fóill mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais. Tugtar deis leis na lotnaidí sin a chóireáil mar lotnaidí coraintín liostaithe de chuid an Aontais. Ní luaitear go soiléir san fhoráil sin an gcumhdaítear ceanglais speisialta allmhairithe le haghaidh plandaí agus tráchtearraí eile leis na bearta sin freisin.

Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléireacht fheabhsaithe, leasaítear leis an togra Airteagal 30(1) den Rialachán chun a shonrú go bhféadfar gluaiseacht inmheánach plandaí agus tráchtearraí eile laistigh den Aontas agus a n-allmhairí isteach san Aontas a chumhdach leis na bearta sealadacha atá le glacadh.

- (ii) ***Leasú ar na ceanglais maidir leis na dearbhuithe ar an deimhniú fiteashláintíochta le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte (RNQPanna)***

- Ceanglaítear le hAirteagal 71(1) den Rialachán go ndeimhniú an tríú tír easpa lotnaidí coraintín de chuid an Aontais agus easpa (nó comhlíonadh na leibhéal lamhálaí ábhartha) lotnaidí neamhchoraintín rialáilte (RNQPanna) maidir leis na plandaí agus na tráchtearraí faoi seach. Déantar é sin trí ráiteas caighdeánach ar an deimhniú fiteashláintíochta maidir le comhlíonadh na coinsíneachta leis na rialacha allmhairiúcháin le haghaidh lotnaidí coraintín chomh maith le RNQPanna.

- I gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta do Bhearta Fiteashláintíochta (ISPM) Uimh. 12, ceanglaítear le hAirteagal 71(2) den Rialachán, nuair is féidir roinnt roghanna a dhéanamh faoi na ceanglais speisialta is infheidhme maidir le hallmhairiú, go ndearbhaíonn an tríú tír ar an deimhniú fiteashláintíochta cén rogha a chuir sí i bhfeidhm, chun saoirse ó lotnaidí coraintín a áirithiú. Mar sin féin, níl feidhm ag an bhforáil seo ach amháin maidir le lotnaidí coraintín agus ní maidir le RNQPanna.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an togra Airteagal 71(2) den Rialachán, chun go ndearbhódh na tríú tíortha ar an deimhniú fiteashláintíochta conas a rinneadh comhlíonadh rialacha RNQP a áirithiú, má tá roghanna éagsúla ar fáil i reachtaíocht an Aontais. Bheadh an leasú sin i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha freisin.

- (iii) ***Neamhchomhlíonadh rialacha RNQP a thuairisciú sa chóras leictreonach fógartha (Córas Bainistíochta Faisnéise le haghaidh Rialuithe Oifigiúla — IMSOC).***

Faoin Rialachán tá oibleagáid ann tuairisc a thabhairt don CBFRO maidir le neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le lotnaidí coraintín an Aontais (e.g.

láithreacht lotnaidí coraintín de chuid an Aontais ar phlandaí allmhairithe). Níl an oibleagáid sin ann sa Rialachán maidir leis na rialacha maidir le RNQPanna.

In éagmais an cheanglais sin maidir le RNQPanna, tá cineálacha cur chuige neamh-chomhchuibhithe, neamhdhigitithe ann i measc na mBallstát maidir leis na modhanna chun tuairisc a thabhairt don Aontas agus don tríú tír faoi neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le RNQPanna.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an togra Airteagal 37 agus Airteagal 104 den Rialachán chun a áirithiú go dtabharfar fógra ar bhealach comhchuibhithe laistigh den Aontas faoi neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le RNQPanna agus faoi na gníomhaíochtaí leantacha. Áiritheofar leis sin comhsheasmhacht leis na rialacha faoi seach maidir le lotnaidí coraintín agus méadófar leibhéal chosaint fiteashláintíochta an Aontais ar an iomlán.

- (iv) ***Cumhachtú a thabhairt isteach chun gníomh ón gCoimisiún a ghlacadh le gníomhartha uathrialacha, maoluithe sealadacha ó thoirmisc ar allmhairí agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus ceanglais shealadacha speisialta allmhairiúcháin do thráchtearraí a baineadh den liosta de phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca ach nach ndearnadh measúnú iomlán ar an riosca lotnaide ina leith. .***

In Airteagal 40 den Rialachán maidir le toirmisc ar allmhairiú plandaí, táirgí plandaí nó réad eile ó thríú tíortha, leagtar amach an oibleagáid atá ar an gCoimisiún liosta aonair a bhunú ina mbeidh na toirmisc sin. Baineann na toirmisc sin le lotnaid choraintín shonrach amháin nó níos mó, níl dáta éaga acu, agus de ghnáth baineann siad le gach tríú tír nó le roinnt tríú tíortha.

Mar sin féin, de réir rialacha SPS, ba cheart cead a bheith ag tríú tír maolú a iarraidh ar na toirmisc sin ar allmhairí má mheasann sí go bhfuil córas i bhfeidhm aici a d'fhéadfadh an leibhéal cosanta fiteashláintíochta a éilíonn an tAontas a ráthú. I gcásanna den sórt sin, is gá maoluithe sealadacha a dheonú ar na toirmisc ábhartha.

Ar an gcaoi chéanna leis an gcás ina maolaítear ar na toirmisc ar allmhairí, tá cásanna ann ina bhfuil gá le maoluithe sealadacha a dheonú ar na ceanglais speisialta agus choibhéiseacha a bhfuil tuairisc orthu faoi liosta Airteagal 41(2). Mar shampla, d'fhéadfadh tríú tír a iarraidh go nglacfadh an tAontas le bearta malartacha a mheasann sé a bheith éifeachtúil chun an riosca a laghdú go leibhéal inghlactha maidir leis an riosca a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí nó réada eile le lotnaidí a thabhairt isteach san Aontas. Tugtar isteach leis an togra an fhéidearthacht maolú a ghlacadh ó cheanglais speisialta Airteagal 41(2) bunaithe ar mheasúnú sealadach.

Baineann maoluithe sealadacha den sórt sin, de ghnáth, le tríú tír amháin, nó le cuid di. Níor cheart iad a dheonú, ach amháin má chomhlíontar ceanglais speisialta allmhairithe an-mhionsonraithe. D'fhéadfadh na ceanglais sin gach céim a chumhdach ó tháirgeadh go honnmhairiú chuig an Aontas, amhail modhanna táirgthe, cóireálacha agus modhanna eile chun riosca na lotnaidí ábhartha a mhaolú, chomh maith le cigireachtaí amhairc, sampláil, tástáil agus bearta fiteashláintíochta eile chun an leibhéal cosanta a éilíonn an tAontas a bhaint amach. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na maoluithe sin i ngníomhartha uathrialacha ar feadh tréimhse shealadach ama chun measúnú iomlán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart agus chun modhnú solúbtha a

dhéanamh ar na coinníollacha nó ar an maolú féin, más gá. A luaithe a bheidh na bearta sealadacha curtha ar bun agus iniúchta, agus nuair a bheidh measúnú iomlán ar fáil, is féidir stádas sealadach an mhaolaithe a chur ar ceal. Maidir le tráchtearraí atá ag teacht le maoluithe ó na toirmisc ar allmhairí, ag an bpointe sin beidh an tráchtearra faoi seach ón tríú tír lena mbaineann san áireamh sa liosta ceanglas speisialta allmhairiúcháin arna ghlacadh faoi Airteagal 41(2) den Rialachán. Ar an gcuma chéanna, má thagann sé chun solais le linn na tréimhse ina gcuirfear maolú sealadach i bhfeidhm nach bhfuil an riosca laghdaithe go dtí leibhéal inghlactha, cuirfear deireadh láithreach leis an maolú sin agus aistreofar an tráchtearra faoi seach ón tríú tír lena mbaineann ar liosta na dtráchtearraí toirmiscthe faoi Airteagal 40 den Rialachán.

Chomh maith leis na maoluithe ó thoirmisc ar allmhairí agus ó cheanglais speisialta allmhairiúcháin, is léir ón taithí a fuarthas ar bhaint na dtráchtearraí ó phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardteicneolaíochta go bhfuil cásanna ann nach ndearnadh measúnú ar riosca foriomlán an tráchtearra, cé go ndearnadh measúnú ar lotnaidí sainaitheanta áirithe. Dá bhrí sin, is gá ceanglais shealadacha speisialta allmhairiúcháin a ghlacadh chun gur féidir measúnú iomlán a dhéanamh ar na rioscaí lotnaidí sin. A luaithe a thabharfar aghaidh ar an riosca sin ina iomláine, cuirfear an tráchtearra faoi seach ón tríú tír lena mbaineann san áireamh sa liosta a glacadh faoi alt 41(2) den Rialachán nó deonófar coibhéis dó.

D'fhonn níos mó soiléireachta agus trédhearcachta a thabhairt don phróiseas lena ndéanfaítear maoluithe sealadacha ó thoirmisc allmhairithe agus ó cheanglais speisialta allmhairiúcháin, agus don phróiseas lena bhforchuirfear ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus ceanglais shealadacha speisialta allmhairiúcháin do thráchtearraí a baineadh den liosta de phlandaí ardriosca, chomh maith le táirgí plandaí agus réada eile nach ndearnadh measúnú iomlán ar an riosca lotnaide ina leith, tugtar isteach leis an togra Airteagal 42a nua sa Rialachán, lena bhforáiltear do chumhachtú ar leith don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme uathrialacha a ghlacadh, lena dtugtar aghaidh ar na maoluithe sealadacha sin ar na toirmisc bhunaithe, nó ar cheanglais speisialta allmhairiúcháin.

- (v) ***Cumhachtú a thabhairt isteach le haghaidh gníomh ón gCoimisiún chun rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le hiarrataí ó thríú tíortha ar mhaoluithe sealadacha ar thoirmisc ar allmhairí nó ar cheanglais allmhairiúcháin a thíolacadh agus a scrúdú.***

Le hAirteagal 40 den Rialachán tugtar isteach na rialacha a bhaineann le toirmisc ar allmhairí le haghaidh plandaí áirithe de bhunadh áirithe, agus tugtar isteach le hAirteagal 41 na rialacha maidir le ceanglais allmhairithe agus gluaiseachta le haghaidh plandaí áirithe de thionscnamh áirithe. Mar a míníodh maidir leis an leasú a moladh roimhe seo, ar iarraidh ó thríú tír, deonaíonn an Coimisiún i gcásanna áirithe maoluithe sealadacha do thríú tíortha ó na toirmisc sin, chun allmhairiú cuid dá bplandaí nó dá dtráchtearraí eile a cheadú nó ó cheanglais allmhairiúcháin agus gluaiseachta, ionas go bhféadfar cuid dá bplandaí nó dá dtráchtearraí eile a allmhairiú agus a bhogadh tuilleadh isteach san Aontas.

Níl aon nósanna imeachta caighdeánaithe ann, áfach, chun iarrataí na dtríú tíortha sin a mheasúnú. Faoi láthair, nuair a fhaigheann sé iarraidh ar mhaolú

sealadach den sórt sin ó thríú tír, tá an nós imeachta chun an maolú a dheonú bunaithe ar iarraidh ad hoc ar fhaisnéis agus ar chinneadh ad hoc maidir leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) a bheith bainteach nó gan a bheith páirteach sa mheasúnú sin. Le nós imeachta caighdeánaithe, chuirfí rialacha ar fáil maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta agus, dá bhrí sin, bheadh easpa trédhearcachta ann faoi láthair.

Dá bhrí sin, leis an togra, tugtar cumhacht don Choimisiún leis an Airteagal 42a nua den Rialachán rialacha a ghlacadh maidir le nós imeachta caighdeánaithe i ndáil le conas iarratas a thíolacadh agus a scrúdú ar mhaoluithe sealadacha a dheonú ar na toirmisc ar allmhairí nó ar na ceanglais allmhairiúcháin. D'fhéadfaí a áireamh sna rialacha sin teoracha maidir leis na sainchomhaid faoi seach a thíolacadh agus maidir leis na heilimintí don mheasúnú.

(vi) *Cumhachtú a thabhairt isteach le haghaidh gníomh tarmligthe chun nósanna imeachta a ghlacadh chun plandaí ardriosca a shainaithint agus a liostú.*

De réir Airteagal 42 den Rialachán, ba cheart liostú sealadach na bplandaí mar phlandaí ardriosca a bheith bunaithe ar réamh-mheasúnú. Mar sin féin, níl aon sonraí breise leagtha amach maidir le conas an measúnú seo a dhéanamh. Go dtí seo, ní dhearnadh ach liosta amháin de roinnt speiceas plandaí mar phlandaí ardriosca le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún⁶. Ghlac saineolaithe ó na Ballstáit páirt sa phróiseas chun liosta na ngléasraí ardriosca a tharraingt suas trí thograí a thíolacadh a ndearnadh measúnú críochnúil orthu agus cuireadh fianaise eolaíoch agus theicniúil san áireamh sa mheasúnú sin.

Is é príomhthréith an nós imeachta, áfach, nach bhfuil roinnt gníomhaithe trédhearcach go leor, go háirithe ós rud é go raibh toirmeasc sealadach ar thrádáil atá ann cheana mar thoradh ar an bpróiseas sin.

Dá bhrí sin, agus ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart cur síos a dhéanamh ar an nós imeachta sin agus ar na heilimintí is gá don mheasúnú. I ndáil leis sin, leasaítear leis an togra Airteagal 42 den Rialachán trí chumhachtú a thabhairt isteach chun go bhféadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh ina ndéantar cur síos ar an nós imeachta chun na gléasraí ardriosca sin a shainaithint agus a liostú, agus ar na heilimintí sonracha is gá chun an measúnú a dhéanamh.

(vii) *Soiléiriú ar an mbunús dlí chun ceanglais maidir le coibhéis tríú tíortha a leagan amach, chun tagairt ní hamháin do cheanglais ghluaiseachta inmheánaí ach do cheanglais allmhairiúcháin atá ann cheana freisin, i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha.*

I gcomhréir le hAirteagal 44 den Rialachán, tugtar de chumhacht don Choimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, ceanglais choibhéiseacha a

⁶ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fiteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10).

leagan amach do chórais tríú tíortha, nuair a chuireann tíortha den sórt sin leibhéal cosanta fiteashláintíochta ar fáil atá coibhéiseach leis na ceanglais speisialta is infheidhme maidir le gluaiseacht plandaí agus earraí eile laistigh de chríoch an Aontais. I gcásanna den sórt sin, déanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) measúnú ar chóras fiteashláintíochta an tríú tír, agus ina dhiaidh sin cinneadh ón Aontas a mheas go bhfuil na ceanglais faoi seach coibhéiseach nó nach bhfuil.

Ní féidir ceanglais choibhéiseacha a leagan amach do chórais tríú tíortha ach amháin nuair atá ceanglais maidir le gluaiseacht inmheánach plandaí, táirgí plandaí nó réad eile i bhfeidhm, toisc nach gcumhdaítear leis na cásanna sin nach ann do cheanglais den sórt sin maidir le gluaiseacht laistigh den Aontas, ós rud é nach eol go bhfuil an lotnaid faoi seach i láthair i gcríoch an Aontais, mar sin féin, tá ceanglais speisialta allmhairiúcháin i bhfeidhm. Ar an gcúis sin, agus de réir an leasaithe atá beartaithe, ceanglófar ar an tríú tír lena mbaineann leibhéal cosanta fiteashláintíochta a áirithiú atá coibhéiseach ní hamháin leis na ceanglais maidir le gluaiseacht inmheánach na bplandaí agus na dtráchtearraí faoi seach, ach freisin leis na ceanglais speisialta maidir le hallmhairiú ó thríú tíortha eile le haghaidh na bplandaí céanna agus na dtráchtearraí céanna, má tá ceanglais speisialta allmhairiúcháin den sórt sin i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an togra Airteagal 44(1) den Rialachán chun raon feidhme na gceanglas sin a leathnú.

(viii) *Cumhachtú a thabhairt isteach le haghaidh gníomh ón gCoimisiún, chun cuíchóiríú a dhéanamh ar an oibleagáid pas plandaí a cheangal le plandaí áirithe.*

Leagtar amach in Airteagal 88 den Rialachán oibleagáid an pas plandaí a cheangal le gach planda, táirge plandaí nó réad eile faoi seach, gan aon eisceacht a cheadú. I gcásanna áirithe, áfach, amhail lomáin adhmaid nó fódacha féir (móin), cineál tráchtearraí áirithe, nó luas a gcuid trádála idir oibreoirí gairmiúla, tá sé de chineál a fhágann go bhfuil comhlíonadh na hoibleagáide sin neamhphraiticiúil, mura bhfuil sé dodhéanta.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an togra Airteagal 88 den Rialachán trí chumhachtú a thabhairt isteach don Choimisiún chun tráchtearraí sonracha a liostú a bheidh le díolmhú ón oibleagáid an pas plandaí a cheangal orthu, agus chun na módúlachtaí maidir le cur i bhfeidhm díolúine den sórt sin a chinneadh.

(ix) *Ailíniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht glacadh le fianuithe oifigiúla malartacha arna n-eisiúint ag tríú tíortha leis an staid idirnáisiúnta.*

De réir Airteagal 99 den Rialachán, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leagtar amach na heilimintí atá le háireamh i bhfianuithe oifigiúla arna n-eisiúint ag tríú tíortha le haghaidh plandaí, táirgí plandaí agus réada eile sonracha allmhairithe, seachas ábhar pacáistíochta adhmaid, a cheanglaítear de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme. Mar sin féin, níl aon chaighdeán idirnáisiúnta ann go dtí seo le haghaidh fianuithe den sórt sin. Is amhlaidh atá toisc gurb iondúil go dtagraíonn fianuithe oifigiúla den sórt sin do chineálacha sonracha tráchtearraí agus tíortha tionscnaimh, cé gur de chineál níos ginearálta iad na caighdeán idirnáisiúnta de ghnáth. Ina theannta sin, tá tionchar ag an bhféidearthacht sin ar ghlacadh le fianuithe oifigiúla, ach amháin nuair a tharraingítear suas iad i

gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, ar Chinntí Cur Chun Feidhme is infheidhme ón gCoimisiún blianta fada ó shin.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an togra Airteagal 99 den Rialachán chun an ceanglas maidir le ‘na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme’ a leathnú, trí chritéir eile a áireamh mar mhalairt ar chaighdeáin idirnáisiúnta a bheith ann, agus chun an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leagtar amach eilimintí na bhfianuithe sin gan gá le caighdeáin idirnáisiúnta a ghlacadh.

(x) *Cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe*

Leis an togra leasaítear Airteagal ábhartha an Rialachán maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe seo a leanas:

- (a) deireadh le tuairisciú bliantúil ar líon agus suíomh na limistéar críochaithe a bunaíodh, na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach a rinneadh i rith na bliana féilire roimhe sin (Airteagal 18);
- (b) cuíchóiriú an tuairiscithe trína mhinicíocht a laghdú agus fad a chur le fad tréimhse na gelár ilbhliantúil suirbhéireachta (i.e. an tréimhse ar lena linn a chaithfidh na Ballstáit suirbhé a dhéanamh ar gach lotnaid choraintín) ó 5-7 mbliana go 10 mbliana (Airteagal 23).
- (c) digitiú na mbeart tuairiscithe seo a leanas:
 - (i) tuairisciú ad-hoc ar limistéir chríochaithe (Airteagal 18);
 - (ii) tuairisciú bliantúil ar thorthaí suirbhéanna i dtaca le lotnaidí coraintín (Airteagal 22);
 - (iii) tuairisciú na gelár ilbhliantúil suirbhéireachta (Airteagal 23);
 - (iv) tuairisciú bliantúil ar thorthaí suirbhéanna i dtaca le lotnaidí tosaíochta (Airteagal 24);
 - (v) tuairisciú bliantúil ar thorthaí suirbhéanna i dtaca le lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta (Airteagal 34);

Áirítear sa tionscnamh seo freisin córas leictreonach a bhunú chun tuarascálacha a thíolacadh (Airteagal 103).

(xi) *Leasuithe ábhartha ar ghníomhartha eile de chuid an Aontais agus forálacha críochnaitheacha*

Neamhbhainteach.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir shuirbhéireachta ilbhliantúla, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairithe agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí ardriosca, táirgí plandaí agus réada eile, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fiteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.
- (2) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² rialacha maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí. Áirítear ar na rialacha sin aicmiú agus liostú lotnaidí rialáilte, ceanglais a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile áirithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ghluaiseacht laistigh di, suirbhéanna, fógraí faoi ráigeanna, bearta chun lotnaidí a dhíothú má aimsítear iad i gcríoch an Aontais agus deimhniú.
- (3) Thairis sin, tá roinnt ceanglas tuairiscithe i Rialachán (AE) 2016/2031 i réimsí bhunú na limistéar críochaithe agus na suirbhéanna ar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín criosanna cosanta, ar cheart iad a shimpliú i

¹

² Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 228/2013, (AE) Uimh 652/2014 agus (AE) Uimh 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’³.

- (4) I gcomhréir le hAirteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, maidir le líon agus suíomhanna na limistéar chríochaithe a bunaíodh, na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach arna ndéanamh i ndáil leis sin le linn na bliana féilire roimhe sin.
- (5) Mar a léiríodh le linn chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031, is éifeachtaí, chun beartas fiteashláintíochta a chomhordú ar leibhéal an Aontais, na limistéir chríochaithe a chur ar an eolas díreach tar éis a mbunaithe. Má chuireann Ballstát na limistéir chríochaithe in iúl láithreach do na Ballstáit eile, cuidíonn an Coimisiún agus na hoibreoirí gairmiúla le bheith ar an eolas faoi láithreach agus leathadh na lotnaide lena mbaineann agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad bhearta eile a bheidh le glacadh. Dá bhrí sin, ba cheart le hAirteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031 oibleagáid a bhunú ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir leis na limistéir chríochaithe go díreach tar éis a mbunaithe, mar aon leis na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach arna ndéanamh. Ní chuirtear aon ualach riaracháin nua leis an oibleagáid sin, toisc gur oibleagáid atá ann cheana a leagtar amach in Iarscríbhinn I, pointe 7.1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún⁴ é fógra a thabhairt láithreach faoi limistéir chríochaithe agus go bhfuil sí á cleachtadh ag na Ballstáit uile faoi láthair. Ach an oibleagáid sin a leagan amach in Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, cuirfeadh tuilleadh feabhais ar shoiléireacht na rialacha is infheidhme maidir le limistéir chríochaithe, agus ba cheart an oibleagáid faoi seach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 a bhaint chun forluí na bhforálacha faoi seach a sheachaint.
- (6) Thairis sin, agus de réir mar a fuarthas ó chur i bhfeidhm Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, is léir ón oibleagáid atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, maidir le líon agus suíomhanna na limistéar chríochaithe arna mbunú, na lotnaidí lena mbaineann, agus na bearta faoi seach arna ndéanamh le linn na bliana féilire roimhe sin, ní chuireann sí ach ualach riaracháin, agus gan aon luach praiticiúil, leis an oibleagáid fógra a thabhairt láithreach maidir le limistéir chríochaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, é a bhaint ón Airteagal sin.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 22(3), Airteagal 24(2) agus Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, torthaí na suirbhéanna a rinneadh an bhliain féilire roimhe sin, maidir le lotnaidí áirithe a bheith laistigh de chríoch an Aontais. Is lotnaidí coraintín de chuid an Aontais iad sin, lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagail 29 agus 30 de Rialachán (AE) 2016/2031, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín na gcríosaí cosanta faoi seach. Thairis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do na Ballstáit, arna iarraidh sin, fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir lena gcláir ilbhliantúla suirbhéireachta, nuair a bhunófar iad.

³ COM(2023)168.

⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán IMSOC) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

- (8) I gcomhréir le hAirteagal 23(1), an tríú fomhír, tá na cláir ilbhliantúla suirbhéireachta le bunú ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Mar is léir ón taithí a fuarthas ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031, teastaíonn níos mó ama ó na Ballstáit chun na cláir sin a dhearadh agus a fhorbairt i gceart. Dá bhrí sin, agus chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla a laghdú, ba cheart síneadh 10 mbliana a chur leis an tréimhse sin. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart a shonrú go mbunófar na cláir sin arís ar feadh tréimhsí comhleanúnacha 10 mbliana ina dhiaidh sin, agus rachaidh an chéad tréimhse in éag an 14 Nollaig 2029, eadhon 10 mbliana tar éis dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031.
- (9) Leagtar amach in Airteagal 30(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2016/2031, i gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil na critéir maidir le lotnaidí nach bhfuil liostaithe mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, a leagtar amach i bhForoinn 2 de Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, á gcomhlíonadh láithreach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go bhfuil sé le bearta a ghlacadh láithreach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an lotnaid sin.
- (10) Le linn chur chun feidhme na forála sin, chuir Ballstáit áirithe a n-amhras in iúl maidir le raon feidhme beacht an téarma 'bearta', agus go háirithe cibé an mbaineann sé le gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs allmhairithe nó gluaiseachta inmheánaí earraí, d'fhonn teacht isteach agus leathadh na lotnaide faoi seach i gcríoch an Aontais a chosc. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus iomláine dhlíthiúil, ba cheart Airteagal 30(1) a leasú chun a léiriú go sonrach go bhféadfadh sé go n-áireofaí leis na bearta sin toirmeasc ar láithreach na lotnaide faoi seach i gcríoch an Aontais, agus ceanglais maidir le tabhairt isteach agus gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh den Aontas.
- (11) Leagtar amach in Airteagal 41(4) de Rialachán (AE) 2016/2031, i gcás ina mbeidh plandaí, táirgí plandaí nó réada eile tugtha isteach nó aistrithe laistigh de chríoch an Aontais de shárú ar mhír 1 den Airteagal sin, go nglacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais maidir le rialuithe oifigiúla, agus go gcuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas tríd an gcóras fógra leictreonach faoi Airteagal 103 den Rialachán sin. Leagtar amach san Airteagal sin an ceanglas maidir le láithreach na lotnaidí coraintín de chuid an Aontais ar na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile sin a chosc.
- (12) Mar sin féin, níl aon cheanglas ann fógra a thabhairt faoi shárú ar na rialacha faoi seach in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031, a bhaineann le bearta chun láithreach na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ('RNQPanna') a chosc ar phlandaí le haghaidh plandú.
- Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031 a leasú, trína fhoráil, i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le RNQPanna, go nglacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, agus go dtabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras fógra leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2016/2031.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart tagairt d'Airteagal 37(1) a áireamh in Airteagal 104 de Rialachán (AE) 2016/2031, a bhaineann le fógraí i gcás lotnaidí a bheith ann.
- (14) I gcásanna áirithe, is iomchuí a cheadú plandaí, táirgí plandaí nó réada eile áirithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó thríú tíortha áirithe, de mhaolú ar an toirmeasc faoi seach a bunaíodh de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 nó ar na

ceanglais speisialta agus choibhéiseacha a bunaíodh leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 41(2). Tá na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile faoi seach liostaithe faoi láthair in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072⁵. Is iad na cásanna sin na cásanna sin inar iarr tríú tír maolú sealadach den sórt sin agus inar thug sí ráthaíochtaí i scríbhinn go bhfuil na bearta atá i bhfeidhm aici ar a críoch éifeachtach maidir leis an riosca faoi seach ó na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile sin a laghdú agus léiríodh le measúnú riosca sealadach gur féidir an riosca do chríoch an Aontais a laghdú go leibhéal inghlactha trí bhearta sealadacha áirithe a leagtar amach i bpointí 2 agus 3 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 a chur i bhfeidhm.

- (15) Ar mhaithe le soiléireacht agus trédhearcacht, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforáiltear do mhaoluithe den sórt sin. Ar mhaithe le hiomláine, ba cheart go leagfaí amach leis na gníomhartha sin na bearta sealadacha[a bhfuil gá leo chun an riosca fiteashláintíochta faoi seach a laghdú go leibhéal inghlactha agus a cheadaíonn an t-am cuí chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na rioscaí lotnaidí uile, nach bhfuil measúnaithe go hiomlán fós i ndáil leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ar leith. Leis sin, a luaithe a bheidh an measúnú faoi seach curtha i gcrích, i gcomhréir le prionsabail Roinn 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031, beifear in ann na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile sin a choinneáil i liosta na dtráchtearraí nó a bhaint de i gcomhréir le hAirteagal 40(3) nó Airteagal 41(3) de Rialachán (AE) 2016/2031.
- (16) I gcomhréir le hAirteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór planda, táirge planda nó réad eile a bhaint de liosta na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile ardriosca, má bhaintear de thátal as, ar bhonn measúnú riosca, go bhfuil a dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais le bheith faoi réir toirmisc, ceanglas speisialta nó gan aon cheanglas ar chor ar bith. Mar sin féin, ós rud é gur léirigh taithí chur i bhfeidhm an Airteagail sin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh tabhairt isteach na dtráchtearraí sin i gcríoch an Aontais a bheith faoi réir bearta speisialta lena laghdaítear an riosca fiteashláintíochta faoi seach go leibhéal inghlactha, ach i gcás roinnt de na lotnaidí a bhfuil measúnú iomlán ina n-óstach orthu, tá siad fós ar feitheamh. Ar an gcúis sin, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile a bhaint de liosta na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile ardriosca a ghlacadh de bhun Airteagal 42(3), má bhaineann riosca fiteashláintíochta leo nach bhfuil measúnú iomlán déanta orthu go fóill agus nach bhfuil aon ghníomh cur chun feidhme glactha ina leith fós de bhun Airteagal 42(4). D'fhonn aon riosca fiteashláintíochta a laghdú chuig leibhéal inghlactha, ba cheart go leagfaí amach sna gníomhartha sin bearta sealadacha maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile sin a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.
- (17) D'fhonn cur chuige comhréireach agus an chonclúid is tapúla is féidir ar na measúnuithe riosca faoi seach a áirithiú, ba cheart tréimhse chur i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme sin go léir a bheith de chineál a cheadódh go réasúnta

⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

measúnú iomlán a dhéanamh ar na rioscaí fiteashláintíochta go léir agus ar na bearta a chuireann na tríú tíortha lena mbaineann i bhfeidhm, agus níor cheart go mbeadh sí níos faide ná 5 bliana.

- (18) Thairis sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh tarmhligthe a ghlacadh lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 le heilimintí a bhaineann leis an nós imeachta atá le leanúint chun maoluithe sealadacha ar Airteagal 40(2) agus Airteagal 41(2) a dheonú. Tá sé sin riachtanach toisc gur léir ón taithí a fuarthas ó ghlacadh Rialachán (AE) 2016/2031 go bhfuil gá le nós imeachta caighdeánaithe i ndáil le maoluithe sealadacha den sórt sin a dheonú chun trédhearcacht agus comhsheasmhacht a ráthú do na Ballstáit, do thríú tíortha agus do na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann.
- (19) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmhligthe a ghlacadh, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí nósanna imeachta a leagan amach a bheidh le comhlíonadh chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca a liostú. Ba cheart go n-áireofaí na heilimintí seo a leanas ar fad sa nós imeachta sin: ullmhú, ábhar agus tíolacadh na sainchomhad faoi seach ag na tríú tíortha lena mbaineann; na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis na sainchomhaid sin a fháil; na nósanna imeachta maidir leis an measúnú riosca faoi seach a dhéanamh; sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil. Tá sé sin riachtanach toisc gur léir ón taithí a fuarthas go bhféadfadh nós imeachta sonraithe maidir le gléasraí ardriosca a liostú trédhearcacht agus comhsheasmhacht a ráthú do na Ballstáit, do thríú tíortha agus do na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann.
- (20) I gcomhréir le hAirteagal 44(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/2031, tá an Coimisiún le ceanglais choibhéiseacha a leagan amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, arna iarraidh sin do thríú tír ar leith, má áirithíonn an tríú tír lena mbaineann, trí bheart sonraithe amháin nó níos mó a chur i bhfeidhm faoina rialú oifigiúil, leibhéal cosanta fiteashláintíochta atá coibhéiseach leis na ceanglais speisialta maidir le gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais.
- (21) Is léir ón taithí a fuarthas agus an fhoráil sin á cur chun feidhme nach bhfuil leordhóthanach ná indéanta ceanglais a leagan amach atá coibhéiseach leis na ceanglais speisialta amháin maidir le gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais, ná nach féidir é sin a dhéanamh i gcás nach ann do cheanglais den sórt sin maidir le gluaiseacht. Is minic a tharlaíonn sé sin sa chleachtas, nuair a bhaineann rialacha an Aontais le lotnaidí nach bhfuil i láthair ach i dtríú tíortha agus ní i gcríoch an Aontais agus nuair nár ghlacadh ach le ceanglais maidir le tráchtearraí a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.
- (22) Ar an gcúis sin, ba cheart go mbeadh an leibhéal cosanta fiteashláintíochta a iarradh ar thaobh an tríú tír faoi seach coibhéiseach freisin leis na ceanglais speisialta is infheidhme maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile lena mbaineann a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó gach tríú tír nó ó thríú tíortha áirithe.
- (23) I gcomhréir le hAirteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, sonrófar sa deimhniú fiteashláintíochta faoin gceannteideal ‘Dearbhú Breise’ cén ceanglas sonrach atá le comhlíonadh, aon uair a fhoráiltear do roghanna éagsúla do cheanglais den sórt sin sa ghníomh cur chun feidhme faoi seach, arna ghlacadh de bhun Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(1) agus (3), Airteagal 37(2), Airteagal 41(2) agus (3) agus Airteagal 54(2) agus (3) faoi seach. Cuirfear foclaíocht iomlán an cheanglais ábhartha san áireamh sa tsonraíocht sin.

- (24) Léiríodh le cur chun feidhme praiticiúil Rialachán (AE) 2016/2031 gur cheart tagairt do na ceanglais arna nglacadh de bhun Airteagal 37(4) den Rialachán a léiriú sna deimhnithe fiteashláintíochta, eadhon bearta chun láithreacht RNQPanna ar na plandaí le haghaidh plandú lena mbaineann a chosc, dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 36 den Rialachán sin, i gcás ina ndéantar foráil san fhoráil faoi seach maidir le roinnt roghanna éagsúla do cheanglais den sórt sin. Tá sé sin comhsheasmhach leis an gcur chuige a bhaineann le lotnaidí coraintín an Aontais, mar go dtagraíonn Airteagal 71(2) den Rialachán sin don ghníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 41(2) agus (3). Tabharfaidh sé tuilleadh soiléireachta agus cinnteachta do na húdaráis inniúla, do na hoibreoirí gairmiúla agus do na tríú tíortha, maidir le cur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann le RNQPS agus leis na plandaí le haghaidh plandú faoi seach.
- (25) Ar an gcúis sin, ba cheart a áireamh in Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031 tagairt do na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 37(4). Thairis sin, ba cheart an tagairt d'Airteagal 37(2) a bhaint, toisc nach mbaineann sí le hábhar Dhearbhú Breise an deimhnithe fiteashláintíochta.
- (26) I gcomhréir le hAirteagal 88 de Rialachán (AE) 2016/2031, tá na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann le pasanna plandaí a cheangal le haonad trádála na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile lena mbaineann sula mbogtar laistigh de chríoch an Aontais iad de bhun Airteagal 79 nó isteach i gcrios cosanta nó laistigh de de bhun Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/2031. I gcás ina mbeidh plandaí, táirgí plandaí nó réada eile den sórt sin á ngluaiseacht i bpacáiste, beart nó coimeádán, beidh an pas plandaí i gceangal leis an bpacáiste, beart nó coimeádán sin.
- (27) Tá sé léirithe ag cleachtais trádála atá bunaithe ar Rialachán (AE) 2016/2031 nach bhfuil sé indéanta, i gcásanna áirithe, pasanna plandaí a cheangal d'aonaid trádála plandaí, táirgí plandaí nó réad eile mar gheall ar a méid, a gcruth nó a saintréithe sonracha eile, nó mar gheall ar luas a n-aistrithe ó oibreoir gairmiúil amháin go hoibreoir gairmiúil eile. Ina ionad sin, ba cheart cead a thabhairt aonaid trádála na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile sin a bhogadh laistigh de chríoch an Aontais le pas plandaí a bhaineann leo ar bhealach seachas trí cheangal fisiciúil. Tá ceanglais Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le pasanna plandaí a eisiúint do na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile faoi seach le fanacht de réir mar is infheidhme.
- (28) Dá bhrí sin, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmlichte a ghlacadh lena gceadófaí plandaí, táirgí plandaí agus réada eile áirithe a bhogadh gan pas plandaí atá ceangailte lena n-aonaid trádála, mar gheall ar a méid, a gcruth, a luas trádála nó saintréithe sonracha eile a fhágann nach bhfuil an ceangaltán sin praiticiúil. I ndáil leis sin, is gá na rialacha mionsonraithe a chinneadh lena n-áirithítear go bhfanfaidh an pas plandaí in úsáid, cé nach bhfuil sé ceangailte leis, agus go ndéantar tagairt ann fós do na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile faoi seach, d'fhonn a chinntiú go mbeidh pas plandaí ceangailte i gcónaí lena thráchtearra faoi seach trí mharc speisialta, slis, bunachar sonraí nó eilimintí iomchuí eile.
- (29) I gcomhréir le hAirteagal 99(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán sin trí na heilimintí atá le háireamh i bhfianuithe oifigiúla sonracha le haghaidh plandaí, táirgí plandaí nó réad eile, seachas ábhar pacáistíochta adhmaid, a cheanglaítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, a leagan amach. Ó glacadh Rialachán (AE) 2016/2031, níor glacadh aon chaighdeáin idirnáisiúnta den sórt sin, agus níl aon obair ullmhúcháin á déanamh faoi láthair ag aon eagraíocht idirnáisiúnta chun na caighdeáin sin a tháirgeadh. Mar thoradh air sin, agus in éagmais na gcaighdeán idirnáisiúnta sin,

ní féidir, bunaithe ar Airteagal 99 de Rialachán (AE) 2016/2031, gníomh tarmhligthe a ghlacadh ina leagtar amach na heilimintí is gá le haghaidh na bhfianuithe oifigiúla faoi seach. De dheasca easpa gnímh tharmhligthe den sórt sin, ní féidir plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ábhartha a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais leis na fianuithe oifigiúla sin mar mhalairt ar dheimhnithe fiteashláintíochta.

- (30) Thairis sin, agus i gcomhréir le gníomhartha cur chun feidhme áirithe arna nglacadh de bhun Threoir 77/93/CEE⁶ agus Threoir 2000/29/CE ón gComhairle⁷, tá plandaí, táirgí plandaí agus réada eile fós á dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus fianuithe oifigiúla ag gabháil leo, seachas deimhnithe fiteashláintíochta, arna n-eisiúint i roinnt tríú tíortha. Is iad na gníomhartha sin, go háirithe, Cinntí 93/365/CE⁸, 93/422/CEE⁹, 93/423/CEE¹⁰, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/780/AE¹¹ ón gCoimisiún. Glacadh na Cinntí sin in éagmais aon chaighdeán idirnáisiúnta faoi seach.
- (31) Léiríonn an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031 agus na gCinntí sin, atá fós i bhfeidhm, go dtugann na fianuithe oifigiúla sin ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le cosaint fiteashláintíochta chríoch an Aontais, d’ainneoin nach raibh aon chaighdeán idirnáisiúnta faoi seach ann riamh. Ar an gcúis sin, agus chun a áirithiú go leanfar d’fhianuithe oifigiúla a úsáid faoi Rialachán (AE) 2016/2031, ba cheart an coinníoll go n-éilítear gnéithe an ghnímh tharmhligthe sin de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme a bhaint d’Airteagal 99(1).
- (32) I gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2016/2031, tá an Coimisiún le córas leictreonach a bhunú chun fógraí a chur isteach ag na Ballstáit. D’fhonn a áirithiú go bhféadfadh córas leictreonach den sórt sin a bheith infheidhme freisin maidir le tuarascálacha a thíolacadh, amhail na tuarascálacha le haghaidh suirbhéanna ar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín criosanna cosanta, ba cheart an chéad abairt den Airteagal sin a leasú d’fhonn tuarascálacha ó na Ballstáit a chur isteach freisin. Tá gá leis sin chun an córas tuairiscithe a chuíchóiriú agus chun próiseas digiteála na mbeart fiteashláintíochta a neartú.
- (33) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/1726 a leasú dá réir.

⁶ Treoir 77/93/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1976 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh dhíobhálacha plandaí nó táirgí plandaí a thabhairt isteach sna Ballstáit (IO L 26, 31.1.1977, lch. 20).

⁷ Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1).

⁸ Cinneadh 93/365/CEE ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 1993 lena n-údarítear do na Ballstáit foráil do mhaoluithe ar fhorálacha áirithe de Threoir 77/93/CEE ón gComhairle maidir le hadhmad buaircíneach teaschóireáilte, de thionscnamh Cheanada, agus lena mbunaítear mionsonraí an chórais táscairí atá le cur i bhfeidhm ar an adhmad teaschóireáilte (IO L 151, 23.6.1993, lch. 38).

⁹ Cinneadh 93/422/CEE ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 1993 lena n-údarítear do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar fhorálacha áirithe de Threoir 77/93/CEE ón gComhairle maidir le hadhmad buaircíneach triomaithe á áithe, de thionscnamh Cheanada, agus lena mbunaítear mionsonraí an chórais táscairí atá le cur i bhfeidhm ar adhmad triomaithe áithe (IO L 195, 4.8.1993, lch. 51).

¹⁰ Cinneadh 93/423/CEE ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 1993 lena n-údarítear do na Ballstáit foráil a dhéanamh do mhaoluithe ar fhorálacha áirithe de Threoir 77/93/CEE ón gComhairle maidir le hadhmad buaircíneach triomaithe á áithe, de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus lena mbunaítear mionsonraí an chórais táscairí atá le cur i bhfeidhm ar adhmad triomaithe áithe (IO L 195, 4.8.1993, lch. 55).

¹¹ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/780/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforáiltear do mhaolú ar Airteagal 13(1)(ii) de Threoir 2000/29/CE ón gComhairle maidir le adhmad sáfa saor ó choirt de *Quercus* L., *Platanus* L. agus *Acer saccharum* Marsh. de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 346, 20.12.2013, lch. 61).

- (34) Chun go bhféadfaidh na tríú tíortha agus a n-oibreoirí gairmiúla iad féin a chur in oiriúint do na rialacha nua maidir le deimhnithe fiteashláintíochta a eisiúint i ndáil le rialacha RNQP faoi seach a chomhlíonadh, ba cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031 ón... [6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/2031

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/2031 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d’Airteagal 18(6):
- ‘Cuirfidh na Ballstáit an Choimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na limistéir chríochaithe go díreach tar éis a mbunaithe, mar aon leis na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach a glacadh. Déanfar na fógraí sin tríd an gcóras fógra leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 103.’;
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d’Airteagal 22(3):
- Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi 30 Aibreán gach bliain faoi thorthaí na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 1, a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin. Áireofar sna tuarascálacha sin faisnéis maidir le cá háit a rinneadh na suirbhéanna, tráthúlacht na suirbhéanna, na plandaí, na táirgí planda agus na réada eile lenar bhain siad, líon na gcigireachtaí agus na samplaí a glacadh, agus na torthaí i ndáil le gach lotnaid lenar bhain. Cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid an chórais leictreonaigh chun fógraí agus tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 103 a thíolacadh, arna bhunú ag an gCoimisiún chun na críche sin;
- (3) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:
- (a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas in ionad an tríú fomhír:
- ‘Bunófar na cláir ilbhliantúla suirbhéireachta ar feadh tréimhse 10 mbliana, agus cuirfear síneadh leo agus de réir mar is gá agus déanfar iad a nuashonrú ina dhiaidh sin ar feadh tréimhsí breise 10 mbliana as a chéile. Rachaidh an chéad tréimhse in éag an 14 Nollaig 2029.’;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- ‘2. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Choimisiún, fógra a thabhairt maidir lena gcláir ilbhliantúla suirbhéireachta. Cuirfear na fógraí sin faoi bhráid an chórais leictreonaigh chun fógraí agus tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 103 a thíolacadh.’;
- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24(2), mír (2):
- ‘2. Déanfaidh na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoin 30 Aibreán gach bliain maidir le torthaí na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 1, a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin. Cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid an chórais leictreonaigh chun fógraí agus tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 103 a thíolacadh.’;
- (5) in Airteagal 30(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Leis na bearta sin cuirfear chun feidhme ceann amháin nó níos mó de na forálacha dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (g) den chéad fhomhír d’Airteagal 28(1) maidir le gach lotnaid lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí. Féadfar a áireamh orthu sin toirmeasc a chur ar an lotnaid sin a bheith i gcríoch an Aontais agus/nó ceanglais maidir le tabhairt isteach agus gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais.’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34(2), mír (2):

‘2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas, faoin 30 Aibreán gach bliain, faoi thorthaí na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 1, a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin. Cuirfear na fógraí sin faoi bhráid an chórais leictreonaigh chun fógraí agus tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 103 a thíolacadh;

(7) In Airteagal 37, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. I gcás ina mbeidh plandaí le haghaidh plandú tugtha isteach i gcríoch an Aontais, nó bogtha laistigh de, de shárú ar mhír 1, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear in Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2017/625 agus cuirfidh siad an sárú sin agus na bearta sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras leictreonach fógartha agus tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 103.

Cuirfidh na Ballstáit na bearta sin in iúl freisin don tríú tír ónar tugadh na plandaí le haghaidh plandú isteach i gcríoch an Aontais.’;

(8) in Airteagal 42(1), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

‘Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 105, lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an nós imeachta a leagan amach chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca a liostú.

Déanfar foráil sa nós imeachta sin maidir leis na heilimintí uile seo a leanas:

- (a) an fhianaise ath-imlonnaitheach a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar na plandaí ardriosca, ar na táirgí plandaí ardriosca agus ar na réada eile ardriosca;
- (b) na bearta a bheidh le déanamh tar éis an fhianaise sin a fháil;
- (c) nósanna imeachta an mheasúnaithe faoi seach;
- (d) sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil.’;

(9) cuirtear an tAirteagal 42 a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 42:

‘Airteagal 42 a

Maoluithe sealadacha ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 40 agus in Airteagal 42, agus ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 41

1. De mhaolú ar Airteagal 40(1) agus ar Airteagal 41(1), féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, maoluithe sealadacha a ghlacadh ón toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 40(1), agus ó na ceanglais speisialta agus choibhéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 41(2), maidir le plandaí sonracha, táirgí plandaí sonracha agus réada eile de thionscnamh tríú tír amháin nó níos mó a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a mbaineann riosca fiteashláintíochta leo agus nach bhfuil measúnú iomlán déanta air go fóill.

Maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme sin:

- (a) bearta sealadacha a leagan amach a bhaineann leis na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile sin a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, de réir na bprionsabal atá sonraithe i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II; agus
 - (b) na codanna faoi seach den ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 40(2) agus in Airteagal 41(2) a leasú, trí thagairt don mhaolú a bhaineann leis an bplanda, táirge planda nó réad eile lena mbaineann a chur isteach.
2. Ní fhéadfadh na maoluithe sealadacha dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) gur chuir an tríú tír lena mbaineann iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, ina bhfuil ráthaíochtaí oifigiúla i scríbhinn don iarratas ina críoch, roimh agus tráth déanta na hiarrata, ar na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an riosca fiteashláintíochta faoi seach; agus
 - (b) léirigh measúnú sealadach go bhfuil riosca ag baint leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile is féidir a laghdú go leibhéal inghlactha trí cheann amháin nó níos mó de na bearta a chur i bhfeidhm maidir leis an riosca fiteashláintíochta atá i gceist.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 105, lena bhforlíontar an Rialachán seo maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun na maoluithe sealadacha dá dtagraítear i mír 1 a dheonú. Déanfar foráil sa ghníomh tarmligthe sin maidir leis na gnéithe seo a leanas den nós imeachta:
- (a) ullmhú, ábhar agus cur isteach na n-iarratas agus na sainchomhad faoi seach ag na tríú tíortha lena mbaineann;
 - (b) na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis na hiarrataí agus na sainchomhaid sin a fháil;
 - (c) na hiarrataí agus na sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil.
4. De mhaolú ar Airteagal 42(2), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maoluithe sealadacha a ghlacadh ó na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 42(3), má chomhlíontar an dá cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) níl measúnú iomlán déanta go fóill ar riosca fiteashláintíochta na bplandaí ardriosca, na dtáirgí plandaí ardriosca nó na réada eile ardriosca;
 - (b) níor glacadh aon ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 42(4) go fóill maidir leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile lena mbaineann.
- Leagfar amach sna gníomhartha cur chun feidhme sin bearta sealadacha, a bhfuil gá leo chun an riosca fiteashláintíochta faoi seach a laghdú go dtí leibhéal inghlactha, maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile sin a thabhairt isteach san Aontas.
5. Déanfar foráil sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 4 maidir le tuairisciú bliantúil ón tríú tír lena mbaineann maidir le cur i bhfeidhm na mbearta sealadach faoi seach. I gcás inarb é conclúid na tuarascála lena mbaineann nach dtugtar aghaidh go hiomchuí ar an riosca lena

mbaineann leis na bearta a thuairiscítear, déanfar an gníomh lena bhforáiltear do na bearta sin a aisghairm nó a leasú láithreach de réir mar is gá.

6. Beidh tréimhse chur i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 4 de chineál a cheadóidh go réasúnta measúnú iomlán a dhéanamh ar gach riosca fiteashláintíochta agus ar bhearta na dtríú tíortha lena mbaineann, agus ní bheidh sí níos faide ná 5 bliana.
 7. Maidir leis na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, mír 2 agus mír 4 glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2).
- (10) in Airteagal 44(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- '(a) áirithíonn an tríú tír lena mbaineann, trí bheart sonraithe amháin nó níos mó a chur i bhfeidhm faoina rialú oifigiúil, leibhéal cosanta fiteashláintíochta atá coibhéiseach leis na ceanglais speisialta a bhaineann le tabhairt isteach agus/nó gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais ó thríú tíortha eile;';
- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 71(2), mír (2):
- '2. Sonrófar sa deimhniú fiteashláintíochta faoin gceannteideal "Dearbhú Breise", cé acu ceanglas sonrach atá á chomhlíonadh, cibé uair ar féidir rogha a dhéanamh idir roghanna éagsúla i leith ceanglas den sórt sin i gcomhréir leis na ngníomhartha cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(1) agus (3), Airteagal 37(2), Airteagal 41(2) agus (3), Airteagal 54(2) agus (3). San áireamh sa tsonraíocht sin beidh foclaíocht iomlán an cheanglais ábhartha.
- (12) cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 88:
- Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 105 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) cinneadh a dhéanamh maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile a fhéadfar, de mhaolú ar an gcéad mhír, a bhogadh laistigh den Aontas le pas plandaí a bhaineann leo ar bhealach seachas ar shlí seachas ceangaltán fisiceach, mar gheall ar a méid, a gcruth nó a luas trádála a fhágann go bhfuil an ceangaltán sin dodhéanta nó an-deacair; agus
 - (b) foráil a dhéanamh do rialacha chun a áirithiú go dtagraíonn an pas plandaí lena mbaineann, cé nach bhfuil sé ceangailte, do na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile faoi seach trí mharc, slis agus/nó bunachar sonraí speisialta;
- (13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 99(1), mír (2):
- '1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 105 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na heilimintí atá le háireamh i bhfianuithe oifigiúla sonracha le haghaidh plandaí, táirgí plandaí nó réad eile, seachas ábhar pacáistíochta adhmaid, a leagan amach mar chruthúnas ar chur chun feidhme na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagal 28(1) nó (2), Airteagal 30(1) nó (3), Airteagal 41(2) nó (3), Airteagal 44, nó Airteagal 54(2) nó (3).';
- (14) In Airteagal 103, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

“Bunóidh an Coimisiún córas leictreonach chun go ndéanfaidh na Ballstáit fógraí agus tuarascálacha a thíolacadh.”;

- (15) in Airteagal 104, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den chéad mír:

‘Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha sonracha a leagan síos maidir le tíolacadh na bhfôgraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) and (2), Airteagal 11, Airteagal 17(3), Airteagal 18(6), Airteagal 19(2), Airteagal 28(7), an chéad fhomhír d'Airteagal 29(3), Airteagal 30(8), Airteagal 33(1), Airteagal 37(10), Airteagal 40(4), Airteagal 41(4), Airteagal 46(4), Airteagal 49(6), Airteagal 53(4), Airteagal 54(4), Airteagal 62(1), Airteagal 77(2) and Airteagal 95(5).’

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (11) ón [dáta sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán